


Gníomhaíocht 7

Tús a Chur le Topaic

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta



Mapaí Dul Chun Cinn

Fiosracht, Fiosrú agus Ceistiú
Naisc a Dhéanamh
Ag Obair le Daoine Eile

Scil Traschuraclaim

Cumarsáid

Réimsí Foghlama

Ceann ar bith de na Réimsí Foghlama

Toradh Foghlama

Beidh na foghlaimeoirí:

- páirteach i bplé;
- ag cur barúlacha agus smaointe in iúl; agus
- ag fiosrú nasc san fhoghlaim.

Áiseanna atá de Dhíth

Áis 9: ABC - Topaic Nua

Áis ABC (Ar eolas, Ba mhaith linn a fhoghlaim, Cad e a d'fhoghlaim muid?) in Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc, lch 44 Spreagthaigh a bhaineann leis an ábhar Clár bán nó clár láithreoireachta

Eagrú an Ranga

Gníomhaíocht ranga
Gníomhaíocht ghrúpa

Cur Síos

Beidh deis ag na foghlaimeoirí seilbh a ghlacadh ar an fhoghlaim agus a bheith páirteach sa phróiseas pleanála do thopaic nua.

An Gníomhaíocht

- Aimsigh réimse spreagthach a bhaineann leis an topaic a mbeidh sibh ag tabhairt fúithi, mar shampla pictiúir, leabhair agus/nó bogearraí ríomhaire.
- Iarr ar na foghlaimeoirí gach ceann acu a aithint agus a phlé, agus tú ag cur ceisteanna ar nós 'Cé a úsáideann é?' nó 'Cá bhfeiceann tú rud mar seo?'
- Bíodh deis ag na foghlaimeoirí a machnamh a dhéanamh ar na rudaí sa bhailiúchán agus moltaí a thabhairt maidir le cén topaic atá i gceist. Abair leo cén topaic atá ann.
- Roghnaigh bileoga oibre cuí don rang ó Áis 9.
- Déan grúpaí den rang agus iarr ar gach grúpa na bileoga oibre a roghnaigh tú a líonadh.
- Bailigh na foghlaimeoirí uilig le chéile agus iarr ar gach grúpa na smaointe s'acu a chur in iúl don rang.
- Scríobh na smaointe ar an chlár bhán. Coinnigh iad go dtí deireadh na topaice.
- Nuair a bheidh an topaic críochnaithe ag na foghlaimeoirí, téigh siar ar na smaointe leo. Bain úsáid astu le plé a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu agus lena gcuid foghlama a mheas bunaithe ar an phlé a rinneadh ag an tús.


Smaointe don Dífreáil


An Leibhéal Deacrachta a Íslíú


- Mínigh cén topaic atá ann ag an tús agus spreag na foghlaimeoirí le plé a dhéanamh ar an dóigh a mbaineann na spreagthaigh leis an topaic.
- Iarr ar na foghlaimeoirí pictiúir agus rudaí eile a mholadh a thiocfadh leo a úsáid lena léiriú cén topaic atá ann.
- Bíodh an rang ag obair le chéile le plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas ag na foghlaimeoirí cheana féin faoin topaic agus ar cad é ba mhaith leo a fhoghlaim.

An Leibhéal Deacrachta a Ardú

- Tabhair leideanna ó bhéal nó leideanna scríofa do na foghlaimeoirí le go mbeidh siad ábalta a oibriú amach cén topaic atá i gceist.
- Iarr ar gach foghlaimeoir ABC dá gcuid féin a líonadh.
- Bíodh deis ag na foghlaimeoirí a gcuid foghlama féin a mheas ag deireadh na topaice, de réir critéir ratha.







Áis 9: ABC – Topaic Nua

Mo Thábla ABC

Is é an topaic atá ann ná

Ar eolas agam	Ba mhaith liom a fhoghlaim	Cad e a d'fhoghlaim mé?